



2018

Polasaí Um Chosaint Sonraí Ghaelscoil Uí Earcáin



Leagan Amach an Pholasaí

Cuirfear an polasaí seo le chéile faoi na cinnteidil seo a leanas:

- 1.0 Ráiteas Tosaigh
- 2.0 Achoimre Feidhmiúcháin
- 3.0 Scóip
- 4.0 Gluais
- 5.0 Réasúnaíocht
- 6.0 Dualgais Dhlíthiúla Eile
- 7.0 An Gaol le sainsprid na scoile
- 8.0 Sonraí Pearsanta
- 9.0 Próiseáil de réir chearta an té atá i dteideal sonraí a iarraidh
- 10.0 Nasc le polasaithe eile scoile agus le soláthar curaclam
- 11.0 Socruithe, Róil agus freagrachtaí maidir le cur i bhFeidhm
- 12.0 Daingniú agus Cumarsáid
- 13.0 Dáta an chuir i bhFeidhm
- 14.0 Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhFeidhm an Pholasaí
- 15.0 Athbhreithniú agus Measúnú ar an bpolasaí
- 16.0 Aguisín 1: Sceideal um Choinneáil Taifead
- 17.0 Aguisín 2 Táillí SF

1.0 Ráiteas Tosaigh:

Baineann an Beartas um Chosaint Sonraí seo le sonraí pearsanta a choimeádann an scoil agus tá sé á chosaint ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí ó 1988 go 2018 agus an Rialú Eorpach (GDPR).

Baineann an beartas le foireann uile na scoile, an bord bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (daltaí ionchasacha nó féideartha agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí agus iarratasóirí ar phoist foirne laistigh den scoil) sa mhéid go mbaineann na bearta faoin bpolasaí leo. Stórálfar sonraí go slán, ionas go gcosnaítear faisnéis rúnda i gcomhlíonadh na reachtaíochta ábhartha. Leagtar amach sa pholasaí seo an bealach ina gcosnóidh an scoil sonraí pearsanta agus sonraí íogaire.

2.0 Achoimre Feidhmiúcháin:

Rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta atá sa scoil a bhaineann lena bhfoireann, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus muintir eile de phobal na scoile reatha agus roimhe seo agus amach anseo. Tá dualgas ar an scoil, mar dhea, chun na prionsabail um chosaint sonraí a chomhlíonadh a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, ó 1988 go 2018 agus an Rialú Eorpach (GDPR) ar féidir an t-achomriú a leanas a dhéanamh orthu:

- **Sonraí Pearsanta a fháil agus a phróiseáil go cóir:** Bailítear faisnéis ar dhaltaí le cabhair ó tuismitheoirí/caomhnóirí agus ón bhfoireann. Aistríonn na scoileanna ar ar fhreastail na daltaí roimhe seo, faisnéis. I dtaobh faisnéis atá á coimeád ag an scoil ar dhaoine eile (comhaltaí foirne, daoine a dhéanann iarratas ar phoist laistigh den Scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí daltaí srl.) is gnách go soláthraíonn na daoine an fhaisnéis iad féin le toiliú iomlán agus feasach agus a cuireadh i dtoll a chéile fad a bhí siad fostaithe nó ar conradh leis an Scoil. Caitear leis na sonraí sin go léir i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus le téarmaí an Bheartais um Chosaint Sonraí seo. Déanfar an fhaisnéis seo a fháil agus a phróiseáil go cóir.
- **An fhaisnéis a choimeád do chuspóir sonraithe agus sainráite dlíthiúil amháin nó níos mó:** Cuirfidh an Scoil daoine ar an eolas ar na cúiseanna a mbailíonn siad a sonraí agus cuirfidh siad daoine ar an eolas ar an úsáid a bhainfidh siad as a sonraí. Coimeádtar an fhaisnéis go léir agus aird ag gach tráth ar shárleas an duine.

- **Gan an fhaisnéis a phróiseáil ach ar bhealaí a oireann do na cuspóirí a tugadh a fhaisnéis i dtosach báire:** Ní phróiseálfar sonraí a bhaineann le daoine ar bhealach atá ar aon dul leis na cuspóirí ar a bailíodh iad. Ní nochtfar faisnéis ach ar bhonn riachtanais, agus déanfar rochtain ar an bhfaisnéis a rialú go dian.
- **Sonraí Pearsanta a choimeád sábháilte agus slán:** Ní féidir leo siúd ach a bhfuil fíorchúis acu chun amhlaidh a dhéanamh rochtain a fháil ar an bhfaisnéis. Stóráiltear Sonraí Pearsanta Íogaire faoi ghlas i gcás taifead de lámh agus cosnaítear iad le bogearraí ball dóiteáin agus le cosaint phasfhocail i gcás sonraí a stóráiltear go leictreonach. Stórálfar faisnéis rúnda go slán agus faoi na cúinsí ábhartha, cuirfear iad ar chomhad ar leith ar féidir é a bhaint gan stró má dheonaítear rochtain ar thaifid ghinearálta d'aon duine nach bhfuil i dteideal na sonraí rúnda a fheiceáil.
- **Sonraí Pearsanta a choimeád cruinn, iomlán agus cothrom le dáta:** Ba cheart do dhaltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, agus/nó an fhoireann an scoil a chur ar an eolas ar aon athrú ar cheart don scoil a dhéanamh dá sonraí pearsanta agus/nó sonraí pearsanta íogaire lena chinntiú go bhfuil sonraí an duine aonair cruinn, iomlán agus cothrom le dáta. Is féidir é seo a dhéanamh ar App na Scoile. Féadfaidh an príomhoide na nuashonruithe/leasuithe a tharmligean do chomhalta eile foirne. Níor cheart taifid a athrú nó a scriosadh, áfach, gan an t-údarú ceart a fháil. Má theastaíonn athrú/ceartú, ba cheart don duine a dhéanfaidh an t-athrú sin nóta a dhátú agus a shíniú ina dtugtar an t-údarú sin agus an athrú/na hathruithe atá le déanamh ar aon bhuntaifead/bhuncháipéis.
- **A chinntiú go bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach, ábhartha agus nach bhfuil sí iomarcach:** Ní bhaileofar agus ní stórálfar ach an méid faisnéise a theastaíonn chun seirbhís leordhóthanach a sholáthar.
- **Gan an fhaisnéis a choimeád níos faide ná mar is gá don chuspóir nó do na cuspóirí sonraithe ar tugadh í dó/dóibh:** Mar riail ghinearálta, coimeádfar an fhaisnéis don fhad a bheidh an duine ag freastal ar an scoil. Ina dhiaidh sin, comhlíonfaidh an scoil treoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Sonraí Pearsanta agus Sonraí Pearsanta Íogaire a stóráil a bhaineann le dalta. I gcás comhaltaí foirne, comhlíonann an scoil treoirlínte na

Roinne Oideachais agus Scileanna agus ceanglais na gCoimisinéirí Ioncaim araon maidir le taifid a choimeád a bhaineann le fostaithe. Anuas air sin, féadfaidh an scoil na sonraí a choimeád a bhaineann le duine ar feadh fad níos faide ama chun forálacha ábhartha an dlí a chomhlíonadh agus/nó chun éileamh a chosaint faoin reachtaíocht fostaíochta agus/nó faoi chonradh agus/nó faoin dlí sibhialta.

- **Cóip dá sonraí pearsanta a sholáthar d'aon duine, ar iarraidh sin:** Tá an ceart ag daoine fios a bheith acu cén sonraí pearsanta/sonraí pearsanta íogaire atá á gcoimeád fúthu, cé aige a gcoimeádtar iad, agus cén cuspóir dá gcoimeádtar iad. Chun teacht ar bhreis faisnéise, féach "Cóip a thabhairt dá sonraí pearsanta a thabhairt don duine sin ar iarraidh sin" a leagtar amach thíos.

3.0 Scóip:

Cuspóir an Pholasaí: Baineann na hAchtanna um Chosaint Sonraí le sonraí pearsanta a choimeád agus a phróiseáil, i bhfoirm de lámh agus leictreonach araon. Is é cuspóir an pholasaí seo ná chun cabhrú leis an scoil chun a ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, chun na dualgais siúd a mhíniú d'fhoireann na Scoile, agus chun an fhoireann, na daltaí agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoi conas a chaithfear lena sonraí.

Cé leis a mbainfidh sé? Baineann an polasaí le foireann uile na scoile, an bord bainistíochta, tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí agus daoine eile (daltaí ionchasacha nó féideartha agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí, agus iarratasóirí ar phoist foirne laistigh den scoil) sa mhéid go láimhseálann nó go bpróiseálann an scoil a Sonraí Pearsanta i gcaitheamh a ndéileálacha leis an scoil.

4.0 Gluais:

Chun tuiscint cheart a fháil ar dhualgais na scoile, tá roinnt príomhthéarmaí ann ar cheart d'fhoireann uile ábhartha na scoile tuiscint a fháil orthu:

Ciallaíonn **sonraí** faisnéis i bhfoirm ar féidir í a phróiseáil. Áirítear le sonraí *sonraí uathoibríthe* (e.g. sonraí leictreonacha) agus *sonraí de lámh*. Ciallaíonn *sonraí uathoibríthe* aon fhaisnéis ar ríomhaire, nó faisnéis a cuireadh i dtaifead agus é ina chuspóir go ndéanfaidh ríomhaire í a phróiseáil. Ciallaíonn *sonraí de lámh* faisnéis a choimeádtar/a chuirtear i dtaifead mar chuid de *chóras ábhartha comhdaithe* nó nuair is é an cuspóir go gcruthaíonn sí cuid den chóras ábhartha comhdaithe.

Ciallaíonn *córas ábhartha comhdaithe* aon sraith faisnéise, cé nach bhfuil sí ríomhairithe, atá struchtúraithe trí thagairt a dhéanamh do dhaoine nó trí thagairt a dhéanamh do chritéir a bhaineann le daoine, ionas go mbíonn rochtain gan stró, thapa agus éasca ar fhaisnéis ar leith a bhaineann le duine ar leith.

Ciallaíonn **Sonraí Pearsanta** sonraí a bhaineann le duine beo atá sainaitheanta nó ar féidir é/í a shainaitheant cibé acu ó na sonraí nó ó na sonraí i gcomhar le faisnéis eile atá faoi sheilbh, nó ar dócha go mbeidh sí faoi sheilbh an Rialaitheora Sonraí, i.e. an scoil.

Tagraíonn **Sonraí Pearsanta Íogaire** do *Shonraí Pearsanta* maidir leis an méid a leanas:

- bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla nó creidimh reiligiúnacha nó fhealsúnacha dhuine
- ballraíocht duine de cheardchumann
- sláinte fhisiciúil nó mheabhrach nó riocht nó saol gnéis duine
- aon chion a rinne an duine nó a líomhnaítear go ndearna an duine, nó
- aon imeachtaí do chion a rinne an duine nó a líomhnaíodh go ndearna an duine, na himeachtaí siúd a chur de lámh, nó pianbhreith aon chúirte sna himeachtaí siúd, ciontuithe coiriúla nó cion a líomhnaíodh go ndearna an duine.

Is é an Bord Bainistíochta **rialaitheoir sonraí** na scoile.

Duine is ábhar do na sonraí: duine aonair is ábhar do shonraí pearsanta

Próiseálaí Sonraí: duine a dhéanann próiseáil ar shonraí pearsanta thar ceann an rialaitheoir sonraí. Ní fostaí de chuid an rialaitheora atá i gceist anseo a dhéanann próiseáil ar shonraí mar chuid den fhostaíocht. D'fhéadfadh gur fostaí de chuid eagraíocht a dhéanann an rialaitheoir sonraí, sonraí pearsanta a sheachfhoinsiú. I gcás Ghaelscoil Uí Earcáin de déanann na heagraíochtaí seo leanas sonraí pearsanta a phróiseáil:

- Aladdin:
- ROS:
- Collsoft:

Próiseáil Sonraí: na gníomhaíochtaí seo leanas mar a bhaineann le sonraí a dhéanamh. Ina measc

- Teacht ar, taifead nó coinneáil sonraí
- Bailiú, eagrú, stóráil, athrú nó leasú sonraí
- Aimsiú, plé nó úsáid sonraí
- Sonraí a nochtú trí seoladh, scaipeadh nó é a chur ar fáil in aon bhealach eile
- Ailíniú, comhnascadh, blocáil, glanadh nó scrios ar shonraí

5.0 Réasúnaíocht:

Anuas ar a ndualgais dhlíthiúla faoi shainchúram fairsing na reachtaíochta oideachais, tá freagracht dhlíthiúil ar an scoil chun na hAchtanna um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Mínítear sa pholasáí seo cén sórt sonraí a bhailítear, cén fáth a mbailítear iad, cé chomh fada a stórálfar iad agus cé leis a roinnfear iad. Caitheann an scoil lena gcuid freagrachtaí faoin dlí um Chosaint Sonraí go han-tromchúiseach, agus is mian leo cleachtais shábháilte a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta duine a chosaint. Aithnítear, chomh maith, go n-éascaíonn faisnéis fhíriciúil a chur i dtairfead go cruinn agus í a stóráil go sábháilte measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus a chur ar chumas an phríomhoide agus an bhoird bhainistíochta chun cinntí a dhéanamh maidir le reachtaíil éifeachtúil na Scoile. Anuas air sin, baineann ríthábhacht le láimhseáil éifeachtúil na sonraí lena chinntiú go bhfuil comhsheasmhacht agus leanúnachas ann sa chás go dtagann athrú ar an bpearsanna laistigh den scoil agus den bhord bainistíochta.

6.0 Dualgais Dhlíthiúla Eile:

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i gcur i bhfeidhm an bheartais seo dualgais agus freagrachtaí eile dlíthiúla na scoile. Baineann cuid díobh seo go díreach le cosaint sonraí. **Mar shampla:**

- Faoi **Alt 9(g) den Acht Oideachais, 1998**, ní mór rochtain a thabhairt do thuismitheoirí dalta, nó do dhalta a bhain aois 18 mbliana amach, ar thaifid a choimeádann an scoil a bhaineann le dul chun cinn an dalta ina n-oideachas.
- Faoi **Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000**, ní mór don scoil clár a choimeád de gach dalta a fhreastalaíonn ar an scoil.
- Faoi **Alt 20(5) den Acht Oideachais (Leasú), 2000**, tá dualgas ar an phríomhoide chun faisnéis áirithe a chur in iúl a bhaineann le freastal linbh ar an scoil agus ceisteanna eile a bhaineann le dul chun cinn oideachais an linbh do phríomhoide scoile eile a bhfuil an leanbh ag aistriú chuici. Cuireann Gaelscoil Uí Earcáin cóip de phas an pháiste faoi mar atá leagtha amach ag an NCCA ar aghaidh ag an meánscoil cuí ar iarratas i scríbhinn agus dearbhú go bhfuil dalta cláraithe sa mheánscoil sin.
- Faoi **Alt 21 den Education (Welfare) Act, 2000**, ní mór don scoil freastal nó neamh fhreastal daltaí atá cláraithe ag an scoil ar gach lá scoile a chur i dtaifead.
- Faoi **Alt 28 den Acht Oideachais (Leasú), 2000**, féadfaidh an Scoil Sonraí Pearsanta a choimeádann siad a sholáthar do chomhlachtaí áirithe forordaithe (an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais (ar a dtugtar TÚSLA ón 1 Eanáir 2014), an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, scoileanna eile, ionaid eile oideachais) a fhad agus a bhíonn an Scoil sásta go n-úsáidfear iad do "chuspóir ábhartha" (lena n-áirítear stair oideachais nó oiliúna duine a chur i dtaifead nó chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn oideachais nó oiliúna lena dheimhniú conas is fearr is féidir cabhrú leo chun deiseanna oideachais nó oiliúna a fháil nó chun a gcumas oideachais a fhorbairt; nó chun

tabhairt faoi thaighde ar scrúduithe, páirt a ghlacadh in oideachas agus in éifeachtacht ghinearálta oideachais nó oiliúna).

- Faoi **Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu, 2004**, ceanglaítear ar an scoil chun an fhaisnéis sin a iarrfaidh an Chomhairle go réasúnta ó thráth go chéile a sholáthar don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (agus dá bhfostaithe, lena n-áireofaí Eagraithe Riachtanais Speisialta Oideachais ("ERSOanna")).
- Foráiltear san **Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014**, ceart cáilithe chun rochtain a fháil ar fhaisnéis atá á coimeád ag comhlachtaí poiblí nach riachtanach gur "sonraí pearsanta" atá i gceist leo i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí. Cé nach bhfuil scoileanna faoi réir na reachtaíochta um shaoráil faisnéise faoi láthair, má sholáthair scoil faisnéis do chomhlacht atá cumhdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (ar nós na Roinne Oideachais agus Scileanna srl.), d'fhéadfaí na taifid seo a nochtadh má dhéantar iarratas ar an gcomhlacht sin.
- Faoi **Alt 26(4) den Acht Sláinte, 1947**, cuirfidh Scoil faoi deara go dtugtar gach áis réasúnta (áiseanna chun ainmneacha agus seoltaí dalta a fhreastalaíonn ar an scoil san áireamh) d'údarás sláinte a sheirbheáil fógra orthu i leith cigireacht leighis, e.g. cigireacht fiaclóireachta.
- Faoi **Acht um Chosaint Leanaí 2015** a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, tá freagrachtaí ar scoileanna, a mboird bhainistíochta agus a bhfoireann chun mí-úsáid nó faillí leanaí a thuairisciú do TÚSLA - an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó i gcás éigeandála agus nach bhfuil fáil ar TÚSLA, an Garda Síochána).
- An Rialachán Ginearálta Um Chosaint Sonraí - an Rialachán Eorpach um Chosaint Sonraí i bhfheidhm ón 25 Bealtaine 2018 i ngach ballstát chun dlíthe príobháideachta sonraí a chomhchuíbhiú ar fud na hEorpa.

7.0 An Gaol le sainsprid na Scoile

Cuireann Gaelscoil Uí Earcáin roimpi

- a chur ar chumas gach dalta a lánchumas a fhorbairt
- timpeallacht shábháilte agus shlán a sholáthar chun foghlaim inti
- meas ar éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus slite beatha a chur chun cinn sa tsochaí.

Tá de chuspóir againn na spriocanna seo a bhaint amach agus meas á léiriú ar phríobháideacht agus ar chearta um chosaint sonraí daltaí, na foirne, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daoine eile a idirghníomhaíonn linn. Is mian leis an scoil na haidhmeanna/misin seo a bhaint amach agus meas iomlán á léiriú ar chearta daoine i leith príobháideachta agus cearta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

8.0 Sonraí Pearsanta:

I measc na dtairfead ar *Shonraí Pearsanta* atá á gcoimeád ag an scoil, d'fhéadfadh an méid a leanas a bheith i gceist:

A. Tairfid foirne:

(a) **Catagóirí sonraí foirne:** Mar aon leis na comhaltaí reatha foirne (agus iarchomhaltaí foirne), d'fhéadfadh go mbainfeadh na tairfid seo le hiarratasóirí a dhéanann iarratas ar phoist laistigh den scoil, múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí faoi phromhadh. D'fhéadfaí a áireamh leis na tairfid foirne seo:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, uimhir PSP
- Ainm agus sonraí teagmhála neasghaol i gcás práinne
- Buntairfid iarratais agus cheapacháin (foirmeacha iarratais, scéimeanna marcála agallaimh agus cáipéisí eile a bhaineann le hearcú agus le roghnú, ar nós teistiméireachtaí, torthaí Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus measúnuithe Medmark)

- Taifead ar cheapacháin le poist ardú céime
- Sonraí faoi asláithreacht fhaofa (sosanna gairme, saoire thuismitheora, saoire staidéir srl.)
- Sonraí faoin taifead oibre (cáilíochtaí, na ranganna a múineadh, na hábhair srl.)
- Sonraí faoi ghearáin agus/nó chasaoid, lena n-áirítear comhairliúcháin nó plé inniúlachta, pleananna gníomhaíochta/ feabhsaithe/ measúnachta agus taifead ar dhul chun cinn
- Sonraí faoi aon timpistí/ghortuithe a tharla ar thimpeallacht na scoile nó i dtaca leis an gcomhalta foirne a thagann faoina ndualgais scoile
- Taifid ar aon tuairiscí a rinne an scoil (nó a bhfostaithe) maidir leis an gcomhalta foirne do ranna Stáit agus/ó do ghníomhaireachtaí eile faoin reachtaíocht um thuairisciú éigeantach agus/nó faoi threoirlínte um chosaint leanaí (faoi réir Nósanna Imeachta um Chosaint Sonraí na Roinne Oideachais agus Scileanna).

(b) **Cuspóirí:** Coimeádtar taifid foirne do na cuspóirí a leanas:

- bainistíocht agus riarachán ghnó na scoile (anois agus amach anseo)
- íocaíocht na foirne a éascú, agus chun sochair/teidlíochtaí eile a ríomh (lena n-áirítear seirbhís ináirithe chun íocaíochtaí pinsin, teidlíochtaí agus/nó íocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh sa chás gur cuí)
- íocaíochtaí pinsin a éascú amach anseo
- bainistíocht acmhainní daonna, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar fheidmíocht agus dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht
- arduithe céime a rinneadh a chur i dtaifead (cáipéisíocht a bhaineann le hardú céime ar a ndearnadh iarratas) agus athruithe a tháinig ar fhreagrachtaí srl.

- a chur ar chumas na scoile chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh mar fhostóir, lena n-áirítear timpeallacht shábháilte éifeachtúil oibre agus múinteoireachta a chaomhnú (lena n-áirítear a gcuid freagrachtaí faoin Acht um Shábháilte, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005) a chomhlíonadh
- a chur ar chumas na scoile chun na ceanglais a leagann an Roinn Oideachais agus Scileanna, na Coimisinéirí Ioncaim, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais, TUSLA, FSS, agus aon ranna agus/nó gníomhaireachtaí rialtais, reachtúla agus/nó rialála síos a chomhlíonadh
- an reachtaíocht a bhaineann leis an scoil a chomhlíonadh.

(c) **Láthair:** Coinnítear na Taifid seo i gcomhad caibinéad faoi ghlas in oifig an phríomhoide

(d) **Slándáil:** Coinnítear taifead de láimh i gcomhad caibinéid in oifig an Phríomhoide ar a bhfuil glas air agus níl teacht ach ag an bpearsanra cuí ar an eolas. Coinnítear comhaid ar iar-dhlataí faoin stáitse.

Stóráiltear na taifid dhigiteacha ar fad a bhaineann le Gaelscoil Uí Earcáin ar SharePoint agus ar an gcóras Aladdin. Tá ceamaraí CCTV ar fud na scoile. Bíonn an córas alarm ar siúl nuair nach bhfuil an scoil oscailte.

B. Taifid daltaí:

(a) **Catagóirí sonraí daltaí:** D'fhéadfaí a áireamh leo seo:

- Faisnéis a d'fhéadfaí a lorg agus a chur i dtaifead ar chlárú agus a d'fhéadfaí a chur le chéile agus a bhailiú i gcaitheamh thréimhse an dalta sa scoil. D'fhéadfaí a áireamh leis na taifid seo: (POD)
 - ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, uimhir PSP
 - dáta agus áit bhreithe

- ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí agus a sonraí teagmhála (lena n-áirítear aon socruithe speisialta maidir le caomhnóireacht, coimeád nó rochtain)
 - creideamh reiligiúnach
 - bunadh ciníoch nó eitneach
 - ballraíocht de phobal an Lucht Siúil, sa chás gur cuí
 - cibé acu más nó mura sealbhóirí cárta leighis iad siúd (nó a dtuismitheoirí)
 - cibé acu más é nó murab é an Béarla chéad teanga an dalta
 - aon choinníollacha ábhartha speisialta (e.g. riachtanais speisialta oideachais, saincheisteanna sláinte) a d'fhéadfadh bheith i gceist.
- Faisnéis ar an iarthairfead acadúil (lena n-áirítear tuairiscí, teistiméireachtaí, measúnuithe agus taifid eile ó aon scoil(eanna) ar ar fhreastail an dalta roimhe seo
 - Measúnuithe síceolaíocha, síciatracha agus/nó leighis
 - Taifid freastail
 - Grianghraif agus íomhánna taifeadta de dhaltáí (lena n-áirítear ag imeachtaí scoile agus éachtaí a chur i dtairfead). Féach: Polasaí ar leith ar ghrianghraf a ghlacadh.
 - Taifead acadúil - ábhair ar a ndearnadh staidéar, tascanna ranga, torthaí scrúdaithe faoi mar atá siad taifeadta ar thuairiscí oifigiúla scoile
 - Taifid ar éachtaí suntasacha
 - Comhad tacaíochta na scoile, más cuí
 - Taifid ar shaincheisteanna/imscrúduithe disciplíneacha agus/nó na smachtbhannaí a ghearrtar
 - Taifid eile, e.g. taifid ar aon ghortuithe/timpistí tromchúiseacha etc. (Nóta: moltar chun tuismitheoirí a chur ar an eolas go bhfuil teagmhas ar leith á chur i dtairfead)

- Taifid ar aon tuairiscí a rinne an scoil (nó a bhfostaithe) maidir leis an dalta le ranna Stáit agus/nó le gníomhaireachtaí eile faoin reachtaíocht um thuairisciú éigeantach agus/nó faoi threoirlínte um chosaint leanaí (faoi réir Acht um Chosaint Leanáí 2015).

(b) **Cuspóirí:** Coimeádtar taifid dalta do na cuspóirí a leanas:

- a chur ar chumas gach dalta a lánchumas a fhorbairt
- na ceanglais reachtaíochta nó riaracháin a chomhlíonadh
- a chinntiú gur féidir leis na daltaí incháilithe tairbhe a bhaint ón múinteoireacht ábhartha nó na tacaíochtaí airgeadais breise
- tacú le teagasc críostaí a sholáthar
- a chur ar chumas teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí i gcás éigeandála nó sa chás go ndúntar an scoil, nó chun tuismitheoirí a chur ar an eolas ar dhul chun cinn a linbh nó chun tuismitheoirí a chur ar an eolas ar imeachtaí Scoile etc.
- freastal ar riachtanais oideachais, shóisialta, fhisiciúla agus mhothúchána an dalta
- glactar grianghraif agus íomhánna taifeadta de dhaltaí chun éachtaí scoile a cheiliúradh, bliainirisí a chur le chéile, láithreán gréasáin a bhunú, imeachtaí scoile a chur i dtairfead, agus chun taifead a choimeád ar stair na scoile. Glactar agus úsáidtear na taifid siúd i gcomhréir le polasaí na scoile agus le cead tríd Aladdin.
- a chinntiú go gcomhlíonann an dalta critéir iontrála na scoile
- a chinntiú go gcomhlíonann na daltaí na riachtanais aoise íosta d'iontráil sa bhunscoil.
- cáipéisíocht/faisnéis a sholáthar faoin dalta don Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, an Bord Náisiúnta um Leas

Oideachais, TUSLA agus scoileanna eile etc. i gcomhlíonadh an dlí agus na dtreoracha a eisiúnn ranna rialtais

- cáipéisíocht/faisnéis/teistiméireachtaí a sholáthar d'institiúidí tríú leibhéal oideachais agus/nó d'fhostóirí ionchasacha nuair a iarrann an dalta (nó a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí i gcás dalta faoi 18 mbliana d'aois)

(c) **Láthair agus Slándáil:** Coinnítear na Taifid seo i gcomhad caibinéad faoi ghlas. Tá na comhaid caibinéid suite in oifig an phríomhoide, agus faoin ardán (i gcás daltaí atá tar éis an scoil a fhágáil).

Stóráiltear na taifid dhigiteacha ar fad a bhaineann le Gaelscoil Uí Earcáin ar SharePoint agus ar an gcóras Aladdin. Tá ceamaraí CCTV ar fud na scoile. Bíonn an córas alarm ar siúl nuair nach bhfuil an scoil oscailte.

C. Taifid an bhoird bhainistíochta:

(a) **Catagóirí de shonraí an bhoird bainistíochta:** D'fhéadfaí a áireamh leo seo:

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála gach comhalta den bhord bainistíochta (lena n-áirítear iarchomhaltaí an bhoird bhainistíochta)
- Taifid maidir le ceapacháin a dhéantar leis an mBord
- I measc na miontuairiscí ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta agus an chomhfhreagrais a sheoltar chuig an mBord, d'fhéadfadh tagairtí do dhaoine ar leith a bheith i gceist.

(b) **Cuspóirí:** A chur ar chumas an Bhoird Bainistíochta oibriú i gcomhréir leis an Acht Oideachais, 1998 agus leis an reachtaíocht infheidhme eile agus le taifead a choimeád ar cheapacháin agus cinntí an bhoird.

(c) **Láthair agus Slándáil:** Féach thuas

D. Taifid eile: Creidiúnaithe

(a) **Catagóirí sonraí:** féadfaidh an scoil roinnt den fhaisnéis a leanas nó an fhaisnéis go léir a leanas a choimeád faoi chreidiúnaithe (ar daoine féinhostaithe roinnt díobh):

- ainm
- seoladh

- sonraí teagmhála
- uimhir PSP
- sonraí cánach
- sonraí bainc agus
- an méid a íocadh leo.

(b) **Cuspóirí:** Teastaíonn an fhaisnéis chun gnáthbhainistiú agus gnáthriaradh a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais na scoile, lena n-áirítear sonraisc a íoc, cuntais bhliantúla airgeadais a chur le chéile agus iniúchtaí agus imscrúduithe a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh.

(c) **Láthair agus Slándáil:** Féach thuas

Torthaí scrúdaithe

(a) **Catagóirí:** Coimeádfaidh an scoil sonraí ina bhfuil torthaí scrúdaithe caighdeánaithe maidir lena ndaltaí go léir.

(b) **Cuspóirí:** Is é an príomhchuspóir a choimeádtar na torthaí scrúdaithe seo agus taifead eile ná chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn dalta agus chun bonn daingean a sholáthar chun eolas a thabhairt dóibh agus dá dtuismitheoirí nó dá gcaomhnóirí faoi roghanna agus leibhéil ábhair. Féadtar na sonraí seo a bhailiú ar mhaithe le cuspóirí staitistiúla/tuairiscithe, ar nós táblaí torthaí a bhailiú. Féadtar na sonraí seo a aistriú chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus na comhlachtaí siúd comhchosúla eile.

(c) **Láthair agus Slándáil:** Féach thuas

9.0 Próiseáil de réir chearta an té atá i dteideal sonraí a iarraidh

Déanfar taifead i nGaelscoil Uí Earcáin a phróiseáil go cóir de réir chearta an té ar a bhfuil na sonraí coinnithe.

Tá ceart ag duine a bhfuil sonraí coinnithe fúthú:

- Fios a bheith acu cén sonraí atá ag an scoil ina dtaobh
- Iarratas a dhéanamh ar aon sonraí atá coinnithe ag an Rialaitheoir Sonraí (BB)
- Cosc a chur le húsáid a gcuid sonraí ar mhaithe le margáíochta
- Iarratas a dhéanamh leasú a dhéanamh ar shonraí mí-chruinn
- Iarratas a dhéanamh go scriosfaí sonraí nuair nach bhfuil gá leo a thuilleadh

Próiseálaí Sonraí

Nuair a dhéanann scoil seachfhoinsiú go bpróiseálaí sonraí ní mó de réir dlí Conradh scríofa a bheith i bhfeidhm. Sonraíonn Conradh Treaspháirtí Gaelscoil Uí Earcáin na coinníolacha faoinar féidir próiseáil a dhéanamh ar shonraí, na coinníolacha slándála a bhaineann leis an bpróiseáil agus nach mór na sonraí a sheoladh ar ais nó a scrios ag deireadh conradh.

Sárú ar Shonraí Pearsanta

Ní mór aon sárú ar shonraí pearsanta a chur in iúl d'Oifig an Choimisinéara Chosaint Sonraí taobh istigh de 72 uair a chloig. Sa chás go gcuirfeadh an sárú isteach go tromchúiseach ar chearta agus saoirse an duine nádúrtha ní mór don Bhord Bainistíochta an sárú a chur in iúl don duine is ábhar do na sonraí gan mhoill.

Má bhíonn próiseálaí sonraí ar an eolas maidir le sárú ar shonraí pearsanta, ní mór é seo a chur in iúl don rialaitheoir sonraí (BB) gan mhoill.

Iarratas ar rochtain

Nuair a dhéantar iarratas ar rochtain, tá duine ar bith (faoi réir na srianta i Nótaí A agus B thíos) a gcoimeádann scoil *Sonraí Pearsanta* faoi/fúithi, i dteideal an mhéid a leanas:

- cóip de na sonraí a choimeádtar faoi/fúithi (mura mbíonn feidhm ag ceann de na díolúintí nó na toirmisc faoi na hAchtanna, agus má bhíonn, cuirfear an duine ar an eolas air seo agus cuirfear an ceart atá acu in iúl dóibh chun gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí)
- eolas a bheith acu ar an gcuspóir/na cuspóirí dá bpróiseáiltear a sonraí
- eolas a bheith acu ar aitheantas nó ar chatagóirí na ndaoine siúd a nochtar na sonraí leo
- eolas a bheith acu ar fhoinse na sonraí, mura dtagann sin salach ar leas an phobail

Chun iarratas ar rochtain a dhéanamh, ní mór do dhuine an méid a leanas a dhéanamh:

- iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig príomhoide na scoile agus an Fhoirm um Iarratas ar Rochtain Ábhair: féach [Nósanna Imeachta Rochtana ar Shonraí do Scoileanna](#).
- aon sonraí a thabhairt a d'fhéadfadh bheith ag teastáil chun cabhrú chun é/í a shainiú agus an fhaisnéis go léir a aimsiú a d'fhéadfadh bheith á coimeád ag an scoil faoi/fúithi.
- táille rochtana a íoc i gcásanna eisceachtúla. Féach Appendix X maidir le costas.

Ní mór freagra a thabhairt ar iarratas taobh istigh de 30 lá. D'fhéadfaí síniú a chur leis an am. (thar laethanta saoire)

Iarratas ar Eolas ar an nGuthán

Ba chóir d'fhostaithe na scoile a bheith airdeallach maidir le plé le hiarratas ar eolas thar an nguthán. Ba chóir:

- Iarraidh ar an té atá ag glaoch an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn
- Dul i gcomhairle leis an bpríomhoide i gcás éiginnteacht
- Nach móthófaí faoi bhrú aon eolas pearsanta a roinnt

10.0 Nasc le polasaithe eile scoile agus soláthair curaclam:

Is gá do bheartais scoile a bheith comhsheasmhach lena chéile, laistigh de chreatlach Phlean foriomlán na Scoile. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar na beartais ábhartha scoile atá i bhfeidhm cheana féin nó atá á bhforbairt nó á n-athbhreithniú, agus tagairt á déanamh don bheartas um chosaint sonraí agus ba cheart dul i ngleic le haon impleachtaí a mbíonn aige dóibh.

D'fhéadfadh na polasaí a leanas a bheith i measc na bpolasaí ar a ndéantar breithniú:

- POD: Bailiú sonraí don Roinn Oideachais agus Scileanna
- Polasaí um Chosaint Leanaí
- Polasaí Frithbhulaíochta
- Cód Iompair
- Polasaí Guthán Póca
- Polasaí Iontrálacha/Rollaithe
- Polasaí um Úsáid Inghlactha TFC.
- Polasaí Riachtanais Speisialta
- Scéim Cíosa
- Teagmhas Criticiúil
- Straitéis Tinrimh

11.0 Socruithe, Róil agus Freagrachtaí maidir le cur i bhFeidhm:

'Sé an Bord Bainistíochta an Rialaitheoir Sonraí i nGaelscoil Uí Earcáin agus 'sí an príomhoide a chuireann an polasaí i bhfeidhm thar cheann an Bhoird ag cinntiú go bhfuil fostaithe scoile feasach ar na freagrachtaí atá orthu maidir le sonraí a bhailiú agus a chosaint.

12.0 Daingniú agus Cumarsáid:

D'fhaomhaigh an Bord Bainistíochta an polasaí seo ag cruinniú boird ar an _____. Tá sé sínithe ag an gCathaoirleach agus tá taifead déanta ar an faomhadh i miontuairiscí an chruinnithe.

Cuirfear cóip den Pholasaí um Chosaint Sonraí ar fáil ar shuíomh na scoile agus tabharfar nasc / cóip do thuismitheoirí nua agus a bpáistí ag tosú i nGaelscoil Uí Earcáin don chéad uair.

Nuair a bhíonn an Polasaí um Chosaint Sonraí críochnaithe daingnithe ag an mbord bainistíochta, déantar Bearta.

13:0 Dáta an chuir i bhFeidhm

Tá an polasaí seo anois i bhFeidhm.

14.0 Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhFeidhm an Bheartais

Déanfaidh an fhoireann, an príomhoide agus an Bord Bainistíochta an polasaí seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air

15.0 Abhreithniú agus measúnú ar an bpolasaí

Déanfar athbhreithniú agus measúnú ar an bpolasaí tar éis dhá bhliain nó de réir mar is gá. Tabharfar aird ar fhaisnéis nó treoirlínte athraitheacha (e.g. ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, an Roinn Oideachais agus Scileanna nó ón NEWB, ar a dtugtar TÚSLA anois), reachtaíocht agus aiseolas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, daltaí, foireann na scoile agus daoine eile nuair a bhíonn athbhreithniú agus measúnú leanúnach á dhéanamh. Leasófar an polasaí de réir mar is gá i gcomhthéacs an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe sin agus laistigh de chreatlach phleanála na scoile.

Cathaoirleach an Bhoird

Dáta

16.0 Augisín 1: Sceideal Um Choinneáil Taifead:

Taifid Pháistí	Tréimhse Coineála
<p>Clár Leabhar / Rollaí na Scoile</p> <p>Foirmeacha Iontrála</p> <p>Cártaí Iompair</p> <p>Torthaí Scrúdaithe Caighdeánaithe</p> <p>Tuairiscí Siceolaíochta</p> <p>Comhaid Riachtanais Speisialta</p> <p>Tuairiscí Timpistí</p> <p>Tuairiscí Caomhnú Páistí</p> <p>Athchomhairc Alt 29</p>	<p>Go deo</p> <p>Nó go sroicheann an dalta 25 bliain d'aois</p> <p>Ná scrios</p> <p>Nó go sroicheann an dalta 25 bliain d'aois</p> <p>Ná scrios</p> <p>Ná scrios</p> <p>Ná scrios</p> <p>Ná scrios</p> <p>Ná scrios</p>
Taifid Agallamh	Tréimhse Coineála
<p>Bord Agallaimh</p> <p>Scéim Máirceála</p> <p>Nótaí an Bhoird Agallaimh</p>	<p>18 bliana tar éis go ndúntar an iomaíocht móide 6 mhí don Bhinse Comhionannais chun an scoil a chur ar an eolas go bhfuiltear ag glacadh le héilimh.</p>
Taifid Fhoirne	Tréimhse Coineála
<p>Conradh fostaíochta</p> <p>Clárú Chomhairle Múinteora</p> <p>Grinnfhiosrúcháin</p> <p>Tuairiscí Timpiste</p> <p>Iarratas ar shaoire</p> <p>Comhfhreagras Scor</p>	<p>Coimeád ar feadh tréimhse fostaíochta + 7 mbliana</p> <p>(6 bliana chun éileamh a ghlacadh in aghaidh na scoile bliain amháin i dtaobh imeachtaí ata le seirbheáil ar an scoil)</p>

Liamhaintí / Gearáin Tuairiscí Medmark	
Taifid Bhord Bainistíochta	Tréimhse Coineála
Cláir agus miontuairiscí Pá rolla agus cáin Sonraisc agus Admháil Cuntais deimhnithe	Go deo 6 bliana tar éis deireadh nab liana cánaí. 7 mbliana Go deo
Taifid Oifige	Tréimhse Coineála
Scannán CCTV Bosca de gach Blaiain Róta an Chlóis Tinreamh na Múinteoirí Leabhar na gCúairteoirí Roinnt na bpáistí má tá muinteoir as láthair	30 lá

17.0 Augisín 2: Táillí SF:

Déanann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 foráil do réimeas táillí nua SF go hiomlán. Is féidir an tOrdú Aireachta lena mbunaítear an córas táillí nua (IR 531 de 2014) a fháil [anseo](#) . Seo a leanas achoimre ar an struchtúr nua táillí maidir le hiarratais neamhphearsanta:

- Cuireadh deireadh leis an táille iarratais € 15;
- Tá tairseach íosta de € 101 ann nach féidir táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála a ghearradh orthu. Nuair a shroicheann an muirear € 101, beidh táillí iomlána i bhfeidhm;
- Tá teorainn ar mhéid na dtáillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála is féidir a ghearradh de € 500;
- Tá uasteorainn eile ann maidir le táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála measta ag € 700 os cionn gur féidir le comhlacht SF diúltú iarratas a phróiseáil, ach amháin má tá an t-iarrthóir sásta an t-iarratas a bheachtú chun na táillí cuardaigh, aisghabhála agus cóipeála a thabhairt faoi bhun na teorann ;
- Is é an táille ar athbhreithniú inmheánach faoi Alt 21 anois ná € 30 (€ 10 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe)
- Is é an táille ar achomhairc chuig an gcoimisinéir Faisnéise faoi Alt 22 anois ná € 50 (€ 15 do shealbhóirí cártaí leighis agus a gcleithiúnaithe)